

Foirm Med 2 Costais Fiaclóireachta Deimhnithe ag Cleachtóir Fiaclóireachta



Ainm agus Seoladh an Éilitheora

Tabhair do d'aire: Admháil is ea an fhoirm seo agus ba cheart duit í a choinneáil mar fhianaise ar chostais a tabhaíodh.

Is é an bealach is tapúla, is éasca agus is áisiúla chun na costais sláinte a éileamh ná trí úsáid a bhaint as Seirbhísí PAYE i . **mochúrsaí**. Le clárú, téigh chuig **www.revenue.ie** agus roghnaigh **mochúrsaí**.

Má íocann tú cáin ioncaim faoin gcóras féinmheasúnaithe éilítear an faoiseamh cánach ioncaim seo trí chuid na gCostas Sláinte ar do thuairisceán cánach bliantúil a chomhlánú.

UPSP

Cineál na cóireála (féach thall)	Cuir <input type="checkbox"/> sa bhosca cúí	Dáta(i) ar a ndearnadh an chóireáil	Dáta(i) ar a ndearnadh íocaíochtaí	Suim íochta * €
A	<input type="checkbox"/>			
B	<input type="checkbox"/>			
C	<input type="checkbox"/>			
D	<input type="checkbox"/>			
E	<input type="checkbox"/>			
F	<input type="checkbox"/>			
G	<input type="checkbox"/>			
H	<input type="checkbox"/>			
I	<input type="checkbox"/>			
J	<input type="checkbox"/>			

* Ba chóir go n-áirítear leis na suimeanna a chuireadh isteach ar Fhoirm Med 2 na híocaíochtaí uile a dhéantar leis an gcleachtóir áirithe i ndáil le gach cóireáil neamhghnách, lena n-áirítear comhairliúcháin agus gnáthaimh dhiagnóiseacha ghaolmhara.

Deimhním go bhfuil gach sonra atá tugtha ar an bhfoirm seo cruinn agus go bhfuil na suimeanna a thaispeántar thuas faighte agam.

Síniú an Chleachtóra Fiaclóireachta

Dáta

Ainm agus Seoladh an Chleachtóra

Fiaclóireachta (bain úsáid
CEANNLITREACHA agus áirigh Eircode)

Cáilíochtaí an Chleachtóra

Fiaclóireachta (úsáid BLOCLITREACHA)

Uimhir Chláraithe an Chleachtóir

Fiaclóireachta leis an gComhairle Fiaclóireachta

Suim Iomlán

a d'íoc an t-othar

Deimhnigh an suim iomlán a íocadh
(i bhfocail)

A Corónacha

Is athdheisiúcháin iad seo a dhéantar taobh amuigh den bhéal agus a dhaingnítear go buan le hábhar fiacaile atá ann cheana féin. Ceadáítear faoiseamh cánach i leith caiteachais ar ullmhú croileacáin i gcomhair corónacha agus corónacha cóireála neamhbhuana.

B Veinírí / Líontaí Eitseáilte

Is cineál corónach iad seo.

C Barr Fiacaile a Athrú

Féachtar air seo mar choróin nuair is gá cuid mhór den fhiacail a athrú agus go ndéantar an chuid atá le cur ina háit taobh amuigh den bhéal.

D Postaí agus Carnaí Croileacáin

Is ionsáiteáin i gcanáil néaróige na fiacaile iad seo, a choinníonn greim ar an gcoróin. Ceadáítear faoiseamh cánach ar phostaí agus carnaí croileacáin atá déanta as ór agus / nó ábhair eile.

E Inleaganacha

Leagan níos lú de choróin is ea inleagan. Ní cheadáítear faoiseamh cánach ach amháin má dhéantar taobh amuigh den bhéal é. Ceadáítear faoiseamh cánach ar inleaganacha atá déanta as ór agus/nó ábhair eile.

F Ionadadóntaicí - Cóireáil Cuas Fréimhe

Is éard atá i gceist leis seo ná an chanáil néaróige a líonadh seachas na fiacla féin.

G Cóireáil Phearódóntach

Cáilíonn na cóireálacha seo a leanas le haghaidh faoisimh cánach:

- Plánáil Fréimhe, ar cóireáil le haghaidh galar pearódóntach (drandail) í
- Cúiréadeacht agus dítháthú, ar cuid de phlánáil fréimhe iad
- Liopóga Drandail, ar cóireáil drandail iad
- Cléithíní Crómchóballt, má úsáidtear iad i dtaca le cóireáil pearódóntach (má tá fiacla sa chléithín, ní cheadáítear faoiseamh)
- Ionchlannáin tar éis cóireálacha do ghalar phearódóntach (drandail), lena n-áirítear beangú cnáimhe agus breisiú cnáimhe.

H Cóireáil Ortódóntach

Is é atá i gceist leis seo ná soláthar teanntán agus cóireálacha dá leithéid. Ceadáítear faoiseamh cánach ar chostas ionchlannán sealadach i gcúinsí nuair is cuid den chóireáil ortódóntach foriomlán iad.

I Stoitheadh Máinliach ar Fhiacla Forais Comhdhingthe

Ceadáítear faoiseamh cánach nuair a dhéantar an chóireáil seo in ospidéal, nó nuair a dhéanann fiaclóir i lialann fiaclóra í.

J Obair Dhroichid

Ceadáítear cóireáil fiaclóireachta más é atá ann droichead cruanchoinneála nó droichead a bhfuil taca fiacaile leis.

Tabhair do d'aire

Eisiatar go sonrach sa reachtaíocht chánach faoiseamh le haghaidh caiteachas ar fhiacla a stoitheadh, a sciúradh agus a líonadh agus le haghaidh fiacla bréige nó cíor fiacla a sholáthar nó a dheisiú. Ní cháilíonn na nithe seo le haghaidh faoisimh fiú má tá bunghalar ann arb é faoi deara an chóireáil fiaclóireachta nó má mheastar i gcás áirithe nach gnáthchóireáil atá ann.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.revenue.ie.

Teorainn Ama le haghaidh Éileamh Aisíocaíochta - Ní mór éileamh ar aisíocaíocht chánach a dhéanamh taobh istigh de cheithre bliana tar éis dheireadh na bliana cánach lena mbaineann an t-éileamh.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncain cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncain sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannainn an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncain ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí, ar fáil. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

